

Ag Tnúth leis an tSolas

1975-2000

Cathal Ó Searcaigh



Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

© Cló Iar-Chonnachta Teo. 2000

ISBN 1-902420-30-6

Saothair ealaíne an chlódaigh *Le Petit Liseur, 1894*
le Ozias Leduc as Musée des Beaux-Arts
du Canada, Ottawa © DACS 2000
An Eargail
le Ian Joyce

Dearadh Johan Hofsteenge



Tugann Bord na Leabhar Gaeilge
tacaíocht airgid do Chló Iar-Chonnachta

Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid ó

The Arts Council An Chomhairle Ealaíon



Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Fón: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Conamara
Fón: 091-593251/593157

Do

Prem Prasad Timalisina

an leabhar seo

Clár

<i>Réamhrá</i>	15
<i>Miontragóid Chathrach 1975</i>	
Cinniúint	23
Teach	24
Páirc Mhéabha	25
Rannpháirtíocht	26
Sráideacha	27
High Street, Kensington, 6 P.M.	28
Cíoradh	29
Deoraíocht	30
Smaointiú	32
Cathair	33
If you're going to San Falcarragh be sure to wear your rosary beads in your hair	34
Miontragóid Chathrach	35
Gréagach	39
Blues na Bealtaine	40
Rothaí Móra an tSaoil	42
Glas	43
Mín an Leá: Tráthnóna	44
Searc	45
<i>Tuirlingt 1978</i>	
Díle	49
Cor na Sióg	50
Mar a b'Ainmhian Liom	53
Seoinín Mhín an Lábáin	54
Amhrán na Maidine	56
Notturmo	58
Amhrán na hOíche	60
Scríbhinní	61
Cumha na gCarad	62
Spréach	64
Caill	65
Soinéad	66

Amhrán an Mharcaigh	67
Ceacht	68
Ceacht an tSiúinéara	69
<i>Súile Shuibhne 1983</i>	
Londain	73
Gladstone Park	74
Portráid den Ghabha mar Ealaíontóir Óg	75
Sú Talún	76
Aon Séasúr den Bhliain	78
Cor Úr	79
Níl Aon Ní	80
Maidin i Mín an Leá	81
Súile Shuibhne	82
Fiacha an tSolais	83
Agallamh na Seanórach	84
Tearmann	85
An Tobar	86
Briathra agus Bráithre	88
An tAngelus	89
I gCeann mo Thrí Bliana a Bhí Mé	90
Scrúdú Coinsiasa roimh Dul chun Suain	91
Na Píopaí Créafóige	92
Idir Mám an tSeantí agus Loch na mBreac Beadaí	93
Ádh	94
Trasnú	95
Marbhna	96
Séasúir	97
Scuaine	98
An Bás	99
Cinniúint	100
Dia: Nótaí Anailíse	101
Transubstaintiú	102
Taobh Thiar	103
Aoibh	104
Searmanas	105
Jericho	106

Dídean	107
Muirbhé	108
Nuair ba Ghnách liom Luí le mo Thuismitheoirí	109
Insomnia	110
<i>Suibhne 1987</i>	
Ma Bohème	113
Uamhan	114
Maigdiléana	115
An tAonarán	116
Attic	117
Piccadilly: Teach na hOíche	118
Cuisle an Chaoráin	122
Triall	124
Umhlaigh	125
Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr	126
Abhainn an Átha	128
Uchtach	129
Bean an tSléibhe	130
Caoradóir	132
Taispeánadh	134
Oícheanta Geimhridh	136
Cré	138
Sneachta	139
Dia Aon Lae	140
Ciúnas	142
Fothrach Tí i Mín na Craoibhe	143
Coirnéal na Sráide	144
Bó Bhradach	145
An Díbeartach	146
Pilleadh an Deoraí	147
Rothaí Móra na Bliana	148
Rothaí Móra na Bliana	149
Caoineadh	150
Cancer	151
Johnny Appleseed	152
Do Jack Kerouac	154

Súile Soir	156
Súile Soir	157
Máirtín Ó Direáin	158
Soinéad	159
Crainn	160
Soilse	161
Fios	162
Dúil	163
Ceann Dubh Dílis	164
Tá Mé ag Síorshiúl Sléibhe	165
<i>Oíche Ghealaí i nGaililí</i> 1993	168
<i>Homecoming/An Bealach 'na Bhaile</i> 1993	
Tá mo Chéadsearc i Londain	199
Laoi Cumainn	200
Mise Charlie an Scibhí	202
D'Ainm	204
Is Glas na Cnoic	205
Lá de na Laethanta	206
Dathanna	208
<i>Na Buachaillí Bána</i> 1996	
A Chavafy, a Chroí	211
Geasa	212
I gcead do Chavafy: trí dhán	214
Gorm	216
Oíche	217
Buachaill Bán	218
Súil Solais	220
Fios	221
Anghrá	222
Samhradh	223
Samhain 1976/'84/'94	224
Buachaill	226
Uaigneas	227
Maolú	228
Slán	229
A Mhianta m'Óige	230

Gort na gCnámh	231
Cré na Cuimhne	237
An Lílí Bhándearg	242
An Duibheagán	244
An Garraíodóir	246
Cathaoir Uillinne	248
Dréimire	250
Cleopatra	251
Ceannóga	252
<i>Out in the Open 1997</i>	
Cainteoir Dúchais	255
Ag Faire do Shuain	256
Amhráin Bheaga	258
Spliontair	259
Do Narayan Shrestha	260
Kathmandu	263
Do Isaac Rosenberg	266
<i>Ag Tnúth Leis an tSolas 2000</i>	
Fís na hOíche	271
Aistear	272
Do Felim Egan, ealaíontóir	274
Mian	276
Trasnú	277
Amhrán	280
Amhrán ón Albáinis	281
Dá bhFaighinn Bás	282
Craos	283
A Bhuachaill na Gréine	284
Aibiú	285
Sa Chisteanach	286
An Damhsa	288
An Crann ag Caint	290
An Fear Glas	292
Claochló	293
I nGairdín Ghleann Bheithe	294

Tráthnóna Samhna	295
An Bealach nach bhFilleann	296
An tEargal	297
Siúl Samhna	298
Altú	302

Saothair eile le Cathal Ó Searcaigh

- Filíocht *Miontragóid Chathrach* (Cló Uí Chuirreáin 1975)
Tuirlingt (Clódhanna Teoranta 1978)
Súile Shuibhne (Coiscéim 1987)
An Bealach 'na Bhaile (Cló Iar-Chonnachta 1991)
Homecoming/An Bealach 'na Bhaile (Cló Iar-Chonnachta 1993, an cúigiú cló 2000)
Na Buachaillí Bána (Cló Iar-Chonnachta 1996)
Out in the Open (Cló Iar-Chonnachta 1997)
Eagarthóir ar *An Chéad Chló* (Cló Iar-Chonnachta 1997)
- Drámaí *Mairimid leis na Mistéirí* (neamhfhoilsithe)
Tá an Tóin ag Titim as an tSaol (neamhfhoilsithe)
- Stair *Tulach Beag Laoich: Inné agus Inniu/Tulach Begley: Past and Present* (Glór na nGael an Fháil Charraigh 1994)

Aistí critice

- James Doan agus Frank Sewell (eagarthóirí), *On the Side of Light: Critical Essays on the Poetry of Cathal Ó Searcaigh* (Colin Smythe, 2000).
- Frank Sewell, *Modern Irish Poetry: A New Alhambra* (Oxford University Press, 2000).
- Cathal Ó Searcaigh, 'In a State of Flux' sa duanaire *Watching the River Flow: A Century in Irish Poetry* (Poetry Ireland, 2000).
- Liz Curtis, 'Learning What I Meant By Home' in *Fortnight* 349.
- Fred Johnson, 'Maybes and Whatevers', léirmheas ar *Out in the Open in Books Ireland* (Samhradh 1997).
- Lillis Ó Laoire, 'Dearg Dobhogtha Cháin / The Indelible Mark of Cain: Sexual Dissidence in the Poetry of Cathal Ó Searcaigh' in Walshe, Éibhear (eag.), *Sex Nation and Dissent in Irish Writing* (Cork University Press, 1997).
- Seán Lysaght, 'Wrestling with Angels', léirmheas ar *Out in the Open in Poetry Ireland Review* 55 (1997).
- Victoria White, 'Gay Love As Gaeilge' in *The Irish Times* (1.8.1996).
- Gréagóir Ó Dúill, 'Cathal Ó Searcaigh : A Negotiation with Place, Community and Tradition', in *Poetry Ireland Review* 48 (1996).
- Art Hughes, 'Cathal Ó Searcaigh, file' in *Le Chemin du Retour: Pilleadh an Deoráí* (La Barbacane, 1996).
- Michael Longley, 'A Going Back to Sources', léirmheas ar *An Bealach 'na Bhaile*, Cló Iar-Chonnachta, in *Poetry Ireland Review* 39 (1993).

Agallaimh le Cathal Ó Searcaigh

- Neil McGrath, 'Solitary Mystic,' in *The Honest Ulsterman*, Geimhreamh 2000.
- Marian Kelly, 'Ón Taobh Istigh,' in *Macalla*, 1996-7.

Ag Tabhairt Teanga don Tost

Sna seacht mbliana ó tháinig *An Bealach 'na Bhaile/Homecoming* amach, tá cáil Chathail Uí Shearcaigh mar fhile méadaithe go mór. Tá cuid de sin le leagan ar an leabhar sin féin, ar an ábhar gur cuireadh ar a súile do lucht an Bhéarla sa tír seo agus thar lear go raibh a leithéid ina measc, rud a bhí ceilte orthu roimhe sin, díobháil Gaeilge.

Sa chnuasach seo, a rogha féin dá shaothar liteartha ó 1975–2000, dearbhaíonn sé arís a chreideamh i dtiolacthaí na bé, agus a cuid bronntanas air. Seo an cnuasach is mó agus is toirtiúla uaidh go fóill, agus mar bheif ag súil i mbailiúchán roghnach, seandánta ann atá ar eolas go maith againn, agus dánta úra fuinte go glan, snoite ina luí taobh leo, a bhaineas geit asainn agus a bheir orainn na seanchairde a athléamh faoina solas nua, ionas nach gceadaítear dúinn talamh slán a dhéanamh de na teachtaireachtaí a chuirtear os ár gcomhair. Ní ceadmhach dúinn ‘dóigh a dhéanamh dár mbarúil’ ina leith, ach sinn ag forbairt linn, go díreach mar atá an file féin.

Ráiteas tábhachtach a thagraíos dá shaothar go léir atá ag an fhile sa mhéid seo a leanas:

Ba mhaith liom
teangaidh a thabhairt don tost seo
a thachtann mé;
a phlúchann mé achan lá.

Sa leabhar *Rotha Mór an tSaoil*, saothar liteartha eile as ceantar Ghort an Choirce, tá eachtra amháin a théid i bhfeidhm orm chomh mór is a théid ceann ar bith d'eachtraí an leabhair. Tarlaíonn sé ag an *Rabble*, aonach an fhostóidh i Leitir Ceanainn, nuair atá an margadh déanta, agus nuair a bhíos Micí ag scaradh lena mháthair den chéad uair, in aois a sheacht mbliana. Tá an cur síos thar a bheith cumhachtach sa chuid áirithe seo den scéal, agus is é an rud is cumhachtaí fá dtaobh de, measaim, an *tost* a éiríós idir an páiste agus a mháthair. Níl aon fhocail acu don rud atá ag tarlú dóibh de thairbhe a ndroch-chúis eacnamaíochta. Sa deireadh, tosaíonn an mháthair ag cur comhairleacha

ar Mhicí, leis an tost a chlúdach ar bhealach amháin, ach ar bhealach eile, lena mórghean air a léiriú dó, dá indírí féin é. Is leabhar é a bhfuil an tost atá ann chomh tábhachtach leis an téacs féin, an cur síos craicneach, gaisciúil, nach ngéilleann ar bhealach do na mothúcháin atá ag tiomáint an ghaisce sin. Eagla, fuacht, fealladóireacht, masla, sclábhaíocht agus ainnise a chuirtear os ár gcomhair, ach nach ndéantar aon tochailt dhomhain inmheánach isteach iontu. Ní bheifí ag súil lena leithéid, gan amhras, ó dhuine de ghlúin Mhicí, ach oiread agus a fhaightear é in *An tOileánach* le Tomás Ó Criomhthain. Ina saothar siúd is straitéis é an tost a bhíos chomh tábhachtach leis an insint féin.

Más binn béal ina thost, de réir an tseanfhocail, tá Ó Searcaigh glan ina aghaidh sin mar fhealsúnacht. An tost sin a thacht Mac Gabhann agus a mháthair an lá sin i Leitir Ceanainn in 1874, is í sin go díreach an mhóimint a dtig Ó Searcaigh i dtír uirthi, agus a ndéan sé a chuid féin di. Bhí go leor eile, dála Mhic Gabhann, a chuaigh fríd an anró agus an ampla chéanna in imeacht na gceithre bliana agus seachtó idir sin agus an t-aonach deireanach den chineál a bhí i Leitir Ceanainn. Is dual dósan mar fhile na mothúcháin a bhaineas d'eachtraí den chineál a thochailt as duibheagán an tosta, agus a chíoradh go mion ina chuid dánta. Mar a deir sé féin:

Is tá na spliontair ag broidearnaigh
i mo chliabhsa ó shin;
Is i gcuisle na héigse, a stór,
seo iad anois ag déanamh angaidh . . .

Cé gur i gcomhthéacs dáin ghrá a deirtear na focail sin, fóireann siad chomh maith céanna dá shaothar trí chéile. Is é an t-angadh nó an scaoileadh a dhéantar air a chuireas ar a chumas an tost sin a leá agus na focail a chur ar an ní doráite, ainneoin nach i gcónaí a éiríois leis:

tusa ar bhruach na síoraíochta
agus gan bealach lena thrasnú
ach ar chlochán sliopach na bhfocal
ach na focla féin anocht
táthar á mbriseadh i mo bhéal le tocht.

Tá Ó Searcaigh lánchinnte de gur as a dhúchas réigiúnach a thig neart a chuid dánta agus ceiliúrann sé saol na háite i roinnt mhaith dánta, go háirithe sna dánta faoi charachtair áitiúla atá ag dul in aois, nó atá imithe ar shlua na marbh cheana féin. Canann seisean a bhfeartlaoi ag déanamh aisíoc leo as an tsaibhreas a roinn siad air ina óige, agus nár thuig sé i gceart a bheith aige ar feadh i bhfad. Ní hiad na dánta molta sin amháin a fhógraíos an oidhreacht a d'fhág na daoine aonaránacha bochta sin air. Sa saothrú fuinte a ní an Searcach ar an teanga, tá an friotal cumasach, matánach céanna ar dual muintire dó í. Nochtann sé an friotal seo arís agus arís eile ina dhánta, teanga 'chomh gríosaitheach le craos de mhóin chipíneach.' Ní haithris sclábhúil ar a chanúint áitiúil í seo aige ach saibhreas logánta ina bhfeicimid an sean agus an nua taobh le taobh ag splancadh a chéile chun cumarsáide. Agus, d'ainneoin a liriciúla agus atá a lán dá chuid oibre, ní staonann sé ó na lomfhírinní crua cadránta a bhain le saol a cheantair chomh maith le haon áit eile, agus a bhfuil an oiread sin tráchta déanta orthu sna meáin le blianta anuas. In 'Gort na gCnámh' is dóigh liom go n-oibríonn an teanga ar leibhéal fíorchorraitheach ar mhéad agus a éiríos léi an t-uafás agus an míshuaimhneas a mhúscailt ionainn. Is minic a chuala mé Cathal ag léamh an dáin seo, agus bíonn siad ann i gcónaí nach dtaitníonn fórsa agus tiomáint dhosheachanta an dáin leo. Léigh sé é Oíche Fhéile Bríde amháin i nGort an Choirce os comhair scaifte de mhuintir na háite, rud a chuir corraí ar chuid acu. Ba suimiúil an rud é gur dhúirt cara eile liom a bhí i láthair ag an ócáid chéanna, go dtug an dán focail ar ais chun a cuimhne nár chuala sí le fada roimhe sin. Is ar leibhéal na teanga a rinne sí teagmháil leis agus chuaigh an léiriú cumhachtach ar an uafás i bhfeidhm go mór uirthi.

Dán uafáis é 'Gort na gCnámh', arís, a scaoileas snaidhm dhamanta an tosta agus a chuireas an saol ar mhullach a chinn. Tá éifeacht shóisialta leis an fhilíocht seo i dtólamh agus roghnaíonn Ó Searcaigh an seasamh conspóideach, imeallach seo i measc a phobail féin d'aon ghnoithe. 'Síceoilfhilíocht' a thug Aingeal de Búrca ar shaothar na mban caointe, agus í ag cur béime ar an éirim fhrithcheannasach, theiripíúil, dar léi atá ann. Is é an dála céanna ag an tSearcach é. Níl sé sásta glacadh leis an scáth beag focal a chuirtear ar an saol, ionas gur féidir le daoine leanstan orthu ag cur dallamullóg orthu féin faoina fhírinne chadránta. Tá maointneachas curtha

ina leith agus tá sé sin i gceist i roinnt dánta, gan leithscéal. Sna dánta ‘Bean an tSléibhe’, ‘Caoradóir’, ‘Oícheanta Geimhridh’ agus ‘Cré na Cuimhne’, mar shampla, shílfeadh duine, b’fhéidir, nach bhfuil i gceist ag an fhile ach dearbhú a dhéanamh ar na seansteiritípeanna meirgeacha rómánsacha céanna a bhí i gceist ag go leor i measc ghluaiseacht na hAthbheochana san am a chuaigh thart. Go dearfa, ainneoin na mbuillí atá buailte orthu mar íomhánna bréige, is doiligh a gcur de dhroim seoil, ar mhéad is a shealbhaíos cultúr comhaimseartha *Ireland Inc* iad ar mhaithe lena shaobhchuspóirí féin. Is fearann contúirteach é seo ag an fhile, mar sin, aghaidh a thabhairt ar an fhilíocht mholta, ar fheartlaoi an tsaoil sin a chanadh ina dhánta, ar mhéad agus is féidir míbhri a bhaint as. Sa chuid is fearr de na dánta seo, agus is dóigh liom gur dánta iad a sheasfas, sábhálann neart na teanga féin na dánta ar an líomhain a chuirtear ina leith. Sa dán ‘Caoradóir’, mar shampla:

Ina chrága cranracha, ina shiúl spadánta
 tá trí scór bliain de chruacht agus de chruatan
 de choraíocht bhuan le talamh tioránta
 an tsléibhe ansiúd os cionn Loch Altáin
 Talamh gortach, gann a d’ól le blianta
 allas a dhíograise is a d’fhág é chomh spíonta
 chomh lomchnámhach le stumpán caoráin.

Tá an teanga díreach anseo, cinnte, gan mórán deacrachta leis, ach is i ngairbhe fhéitheogach charnach chóiriú na bhfocal sa sliocht thuas atá céadbhua an dáin. Bheir an Searcach amach go láidir bua na hurlabhra ar an dóigh sin, ar bhealach a oibríos ar chluas agus ar chorp sula gcastar an chiall ar chor ar bith air. Sampla ionadach é sin den ionramháil chumtha theanga is dual don tSearcach, an lá is fearr atá sé. Chomh maith leis sin, ní hé an moladh amháin atá aige ar an áit nó ar a daoine. Tchí sé go maith na cláiocha teorann a chuirfeadh agus a chuireas smacht ar dhaoine, fiú sa lá inniu, agus bheir sé a ndúshlán arís agus arís eile, in ‘Gort na gCnámh’, atá luaite agam, in ‘Bó Bhradach’, agus in ‘Scrúdú Coinsiasa roimh Dhul chun Suain’, ina ndéantar faoisdin faoina ghéilleadh féin do pheaca an tosta. Go dearfa, is féidir an dán deireanach seo a léamh mar aor nimhneach ar idéal shaol pastarálach na tuaithe, sa chás go gcuireann tiománaí an innill bhainte é féin i gcomparáid le hionsaitheoir de chuid na hAirgintíne. Ar leibhéal amháin is tagairt é sin

do Chogadh Oileáin Fhalclainne/Malvinas sna hochtóidí idir an Bhreatain agus an Airgintín, nuair a bhí Margaret Thatcher faoi réim agus saoirse gan srian á ligean aici lena ciníochas féin. Tá tagairt ann chomh maith, b'fhéidir, d'fhoireann sacair na hAirgintíne a bhuaigh Corn an Domhain i 1978, agus, dar ndóigh, dála ráitis cheannasacha uile a bhfuil aon chuma orthu, i mBéarla, i dteanga an cheannais a dhéantar é. Nuair a smaoinítear gurb é an 'námhaid Bhreatanach', sin nó an liathróid sacair, an meafar a shamhlaítear leis an traona bhocht anbhfann, léirítear géire agus caolchúis na haoire céanna, faobhar a ghearras chóir i ngan fhios. Ionsáionn an dán foilmhe agus míthrócaire mhór-reitricí an Náisiúnachais agus an Impiriúlachais, agus léiríonn dearcadh 'glas' nó 'uaine' i leith na cruinne, gluaiseacht a bhfuil borradh mór ag teacht air in Éirinn ó shin.

Ach má tá gné ghlas ag baint le filíocht an tSearcaigh, is cinnte gurb í an ghné 'phinc' is mó a tharraing aird an phobail agus na meán, go háirithe, ó tháinig sé amach go han-phoiblí as an lios, mar a bheir sé féin air. Níor cheart dealú a dhéanamh idir é sin agus leá an tosta atá luaite agam leis an chuid eile dá shaothar. Na claíocha teorann agus críche céanna a riaras an pobal, is iad a bhrús an grá dorcha faoi thalamh. Faoi láthair is ar éigean atá feidhm ag an ghrá seo ar a bheith á fhógairt féin go hard, ar mhéad is atá le feiceáil de ar na meáin fhíse, fhuaimne agus chlóite. Ina dhiaidh sin, spreagann sé conspóid i gcónaí. Tugadh 'grúdarlach' ar an radharc i *Ros na Rún* a thaispeáin beirt fhear ag suirí le chéile, agus cuireadh péidifilia i leith Uí Shearcaigh féin, de thairbhe an phictiúir chlúdaigh a cuireadh ar a chnuasach *Na Buachaillí Bána*. Tá an tuairim ann, mar atá ráite ag an tSearcach féin, go dtiteann fir agus mná i ngrá le chéile agus nach mbíonn idir homaighnéasaigh ach gníomhartha dromaíochta gnéis. Bheir Ó Searcaigh dúshlán na gclaonmhíotas sin (más ceadmhach an téarma a úsáid) ina dhánta grá, atá, is dóigh liom, ar chuid de na cinn is láidre ina shaothar. Luaim go háirithe anseo 'Searmanas', 'Ceann Dubh Dílis', 'Laoi Cumainn' agus 'Ag Faire do Shuain', dánta a bhfuil saibhreas agus críochnúlacht ar leith iontu, dar liomsa, agus a n-aithneoidh aon léitheoir tuisceanach na tréithe céanna iontu. Is i ndánta dá chineál a léiríós sé gur file mór grá é seachas file mór homaighnéasach.

Dar ndóigh, tá taiscí eile aige dúinn fosta i ngort na mianta collaí. Anseo

tá an chéad leagan clóite d’*Oíche Ghealaí i nGaililí*. Is dráma trialach é, dar liom, an chaint fíorstílithe agus an struchtúr fíorshimplí. Ach an oiread le go leor drámaí eile Gaeilge, ní bhfuair an dráma seo léiriú a dhiongbhála go fóill, le cliar aibí a thuigfeadh agus a bhéarfadh neart na cainte ann chun tosaigh agus le léiritheoir a tchífeadh go soiléir na dúshlán agus na seansanna stáitsithe a bhaineas leis. Beimid ag fanacht leis agus ag súil leis.

Le seal de bhlianta anois, bheir an file cuairt rialta ar shléibhte Neipeal, áit atá ina cheann scríbe ag go leor de mhuintir Iarthair Domhain, ag leanúint lorg *Hippies* na seascaidí, ar thóir na spioradáltachta atá tréigthe le fada ag an fhís Eora-Mheiriceánach, dar leo. Is breá liom féin cuid den saothar atá spreagtha aige seo ó pheann fhear Mhín an Leá, go háirithe an dán Kathmandu. Is sraith imprisean é a bhfuil brú agus fórsa faoi leith inti. Mothaíonn an léitheoir go bhfuil sé/sí i láthair san áit iontach, aisteach seo agus iad ag iarraidh smacht éigin a fháil air. Tá roinnt de a mheabhróidh ‘Dán Aimhirgin’ do dhuine, ortha sealbhaithe leis an áit a cheansú agus a chur i dtuiscint dá dhearcadh dá dhúchas féin.

Ní hé is mian liom a bheith ag déanamh gaisce folamh as a shaothar nó a rá gur mórdhán é gach rann a scríobhas an Searcach. Tá go leor dánta nach n-oibreoidh do léitheoirí éagsúla ar chúis amháin nó ar chúis eile. Is é an rud is tábhachtaí don fhile, dar liom, an gníomh, an iarracht, dúshlán an fholúis agus an duibheagáin, ionas go mbeidh ‘gach gort ina dhán’. Go leana sé de!

Lillis Ó Laoire, Samhain 2000

Miontragóid Chathrach 1975

Cinniúint

Síneann solas na maidine
go soineanta sámh
fríd bhearnaí sna cuirtíní
agus mé i mo luí i dtámh
maidin bhuí samhraidh
anseo i Mín an Leá.
Síneann sé isteach, lámh
páiste ag méaradradh
i measc na leabhar, ag muirniú
na mbláth, ag súgradh
leis an dusta, ag déanamh
bánaí bánaí le mo scáth
sa scáthán, ag cigilt
mo shúl, ag líocadh
is ag slíocadh m'fhoilt.

Corann solas na maidine
isteach chugam, chomh muirneach,
muiníneach; chomh rógánta,
ráscánta; chomh lán d'ámhaillí
na hamaidí; chomh beo
leis an pháiste, an ghin
shaolta nach dual domh
a ghiniúint go deo . . .

1972

Teach

Tá an ghaoth ag spraoi
sna dreasóga
ar leac na tairsí
is na neantóga
i réim go tréan
anseo cois teallaigh.

Anseo bíodh teach
anseo bíodh tobar
anseo bíodh teaghlach
go dian ag obair.

Anseo bíodh guí
anseo bhíodh gáire
anseo bhíodh aoibh
ar bhuachaillí báire.

Anseo bhíodh pósadh
anseo bhíodh pórú
anseo bhíodh saothrú
le talamh a shíolú.

Tá an teach tréigthe
an tobar triomaithe
an teaghlach scaipthe
sna ceithre críochoa.

Tá an ghaoth ag spraoi
sna dreasóga
ar leac na tairsí
is na neantóga
i réim go tréan
anseo cois teallaigh.